Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2023
(OR. en)

11135/1/23
REV 1

ECOFIN 661
UEM 195
SOC 487
EMPL 338
COMPET 682
ENV 761
EDUC 274
RECH 306
ENER 397
JAI 907
GENDER 138
ANTIDISCRIM 132
JEUN 176
SAN 413

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11135/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 606 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na hEastóine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hEastóine 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 606 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na hEastóine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hEastóine 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

---

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Eastóin ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na hEastóine 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhphháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhphháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030, teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 (‘teachtaireacht an 8 Márta 2023’). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D’éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d’áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 18 Meitheamh 2021, chuir an Eastóin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 29 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Eastóin. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin. An 9 Márta 2023, chuir an Eastóin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241. Cuirtear san áireamh freisin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) den Rialachán sin agus áirítear ann iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 3 Samhain 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, i bhfianaise nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. An 12 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún a thogra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine. An 16 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme uaithi lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine[7].

---

[6] 12532/2021 INIT; 12532/2021 ADD 1; 12532/2021 ADD 1 COR 1; 12532/2021 ADD 1 COR 1 REV 1.

[7] 9367/2023 INIT; 9367/2023 ADD 1; 9367/2023 ADD 1 REV 1.

(10) An 11 Bealtaine 2023, thíolaic an Eastóin a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus, an 28 Aibreán 2023, thíolaic an Eastóin a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Eastóin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na hEastóine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na hEastóine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an Eastóin agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Ba é an chonclúid ar tháinig an Coimisiún air nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag baint don Eastóin. Go háirithe, tá méadú tagtha le déanaí ar leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíochas agus le forbairtí i bpraghsanna tithe ach is cosúil, ar an iomlán, go bhfuil siad faoi smacht faoi láthair. Tháinig méadú mór ar phá agus go háirithe ar phraghsanna in 2022, ach is cosúil go bhfuil na caillteanais iomaíochais teoranta, agus níl ach easnamh beag taifeadta sa chuntas reatha agus táthar ag tuar go dtiocfaidh sé gar don chomhardú in 2023 agus 2024. Mar sin féin, tá an baol ann go gcuirfidh boilsciú agus brúnna pá isteach ar iomaíochas na hEastóine, go háirithe ós rud é go bhfuil an croí-bhoilsciú i bhfad os cionn mheán an limistéir euro. Tá fás mór tagtha ar phraghsanna tithe ó bhí phaindéim COVID-19 ann, ach ní léiríonn siad comharthaí láidre ró-luachála. Is dócha go mbeidh praghsanna tithe measartha, i bhfianaise na n-arduithe ar an ráta úis agus an chúlaithe eacnamaíochta a tharla le déanaí. Thairis sin, tá fiachas teaghlaigh agus iasachtaíocht measartha beag agus tá an earnáil airgeadais ar fónamh. Tá an socrú beartais fabhrach ar an iomlán, cé go bhféadfadh roinnt iarrachtaí breise a bheith ina gcuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis na leochaileachtaí sainaitheanta. Bheadh beartais fhioscacha agus mhacrastuamachta leanúnacha frith-thimthriallacha, a threiseofaí nuair is gá, tábhachtach ina leith sin. D'fhéadfadh iomaíocht a chothú sa mhargadh baile cuidiú le brúnna praghsanna a bhainistiú.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na hEastóine ó 2.4 % de OTI in 2021 go 0.9 % in 2022, agus tháinig méadú ar an ollfhiachas rialtais ó 17.6 % de OTI ag deireadh 2021 go 18.4 % ag deireadh 2022.
An 24 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na hEastóine sa tuarascáil sin, ós rud é go bhfuil sé beartaithe go sáróidh a heasnamh rialtais ghinearálta 3 % de luach tagartha OTI an Chonartha in 2023. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir lena theachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Ina theannta sin, shonraigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach bunaithe ar easnamh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Eastóin é sin a chur san áireamh i gcur chun feidhme bhuiséad 2023 na hEastóine agus an dréachtphlean buiséadach do 2024 á ullmhú aici.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, ar na bearta beartais fhioscaigh lena laghdaítear ioncam, bhí máil níos ísle ar bhreosla talmhaíochta; agus ar na bearta beartais fhioscaigh lena méadaítear caiteachas, áiríodh páirtchúiteamh ar bhillí fuinnimh le haghaidh teaghlaigh a thuilleann níos lú ná an t-ioncam airmheánach, muirir líonra laghdaithe ar theaghlaigh agus corparáidí as leictreachas agus gás, caidhpeanna praghais leictreachais agus gáis le haghaidh teaghlach, agus aistriú sóisialta aon uaire EUR 50 chuig pinsinéirí agus teaghlaigh a bhfuil leanaí acu. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 0.8 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, costas a mheastar a bheith ina 0.6 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 2.3 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle don Eastóin[8] staid fhioscach thacúil a choinneáil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta.

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[9] in 2022 crapthach ag leibhéal 1.3 % de OTI a bhí iomchuí ó tharla boilsciú ard a bheith ann. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Eastóin de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí atá le maoiniú tríd an tSaoráid. 1.4 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (1.6 % de OTI a bhí ann in 2021). Ba é an t-ardú tapa gan choinne ar phraghsanna tógála ba chúis leis an laghdú ar chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus cistí eile an Aontais in 2022. Rinne infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú crapthach 0.6 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[10]. Dá bhrí sin, níor chaomhnaigh an Eastóin infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, rud nach bhfuil i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021. Ag an am céanna, meastar gur sholáthair an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú crapthach dar méid 0.8 pointe céatadáin don staid fhioscach. Dá bhrí sin, chuir an Eastóin teorainn leordhóthanach leis an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

---

8 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hEastóine 2021, (IO C 304, 29.7.2021, lch. 23).

9 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fioscacha.

10 Is léiriú é an laghdú ar infheistíochtaí ar mhoilleanna ar thabhairt i gcrích roinnt tionscadal mar gheall ar an méadú mór atá tagtha ar chostais tógála, rud atá nasctha le suaití sa slabhra soláthair lenar cúis an cogadh san Úcráin. Ag an am céanna, sholáthair caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach de 0.4 pointe céatadáin OTI, rud a léirigh go bhfuarthas cúlchistí gáis agus breosla.

(17) Tá an cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023 faichilleach in 2023, agus is cás é atá i gcomhréir le Réamhaisnéis an Earraigh 2023 ón gCoimisiún agus na blianta ina dhiaidh sin. Tá sé measta ag an rialtas go dtiocfaidh laghdú 1.5 % ar an bhfíor-OTI in 2023 agus go dtiocfaidh méadú 3.0 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh crapadh iarbhír OTI níos ísle de 0.1 % ann in 2023 agus go mbeidh fás 3.0 % comhchosúil ann in 2024. Is é is cúis go príomha leis an difríocht in 2023 go bhfuil an Coimisiún ag súil le forbairtí níos fabhraí maidir le tomhaltas príobháideach, mar aon le boilsciú beagán níos ísle (arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT)) agus réamh-mheastacháin fáis níos airde ar phá.

(18) Sa Chlár Cobhsaíochta 2023 uaidh, tá an rialtas ag súil go méadóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 4.3 % de OTI in 2023. Léiríonn an méadú in 2023 bearta lánroghnacha den chuid is mó, mar shampla caiteachas breise ar shochair theaghlaigh, pinsin, cosaint agus oideachas agus réimeanna cánach a choigeartú chun cáin ioncaim a laghdú, chomh maith le méadú measta ar chaiteachas ag rialtais áitiúla. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 18.4 % a bheidh ann ag deireadh 2022, agus gur 20.2 % a bheidh ann ag deireadh 2023. Meastar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais 3.1 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar éifeacht an ainmneora ó réamh-mheastachán OTI ainmniúil níos airde agus fás measta níos airde ar bhoinn chánach agus ar ioncam cánach agus neamhchánach.

(19) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is é atá iontu bearta ar cuireadh síneadh leo ó 2022, go háirithe sciar de bhillí téimh, leictreachais agus gáis na dteaghlach ar fad a aisíoc. Réamh-mheastar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 0.3 % de OTI in 2023[11]. De réir dealraimh, níl na bearta in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[12] (i gcomparáid le 0.1 % de OTI in 2022). Meastar go dtiocfaidh méadú 0.1 pointe céatadáin de OTI ar chostas buiséadach na cosanta sealadaí arna tabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin i gcomparáid le 2022.

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Eastóin gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[13], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Ba cheart don Eastóin a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Eastóin freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

---

11 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

12 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta um Athchóiriú na hEastóine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hEastóine 2022, (IO C 334, 1.9.2022, lch. 44).

13 Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 13.3 %, i dtéarmaí ainmniúla, a bheidh i bhfás aschuir féideartha na hEastóine, sa mheántéarma (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

(21) In 2023, meastar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún gur staid fhioscach forleathnaitheach a bheidh ann (-0.8 % de OTI) i gcomhthéacs boilscithe ard. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach chrapthach a bheith ann in 2022 (+1.3 % de OTI). Meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023 rannchuidiú forleathnaitheach de 1.2 % de OTI don staid fhioscach. Áirítear leis sin costas na mbeart tacaíochta spriocdhírithe le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, costas ar ar tháinig méadú 0.1 % de OTI. San áireamh ann sin freisin tá costas níos airde a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (costais ar ar tháinig méadú 0.1 % de OTI). Dá bhrí sin, ní mar gheall ar an tacaíocht spriocdhírithe a thugtar do na teaghlaigh agus do na gnólachtaí is leochailí i leith ardú praghsanna fuinnimh ná do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin is cúis le rannchuidiú forleathnaitheach an ghlanchaiteachais phríomha reatha arna maoiniú go náisiúnta. Is é caiteachas sóisialta, pá poiblí, caiteachas oideachais agus cosanta is mó is cúis leis an bhfás forleathnaitheach ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, níl sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gurb ionann an caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais agus 1.8 % de OTI in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú crapthach dar méid 0.3 pointe céatadáin don staid fhioscach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Eastóin infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú[14]. Tá sé beartaithe aige infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla éifeachtúlacht fuinnimh tithíochta, neartú na líonraí tarchurtha leictreachais chun go mbeidh táirgeadh fuinnimh níos glaise ann, leathanbhanda idirlín, seirbhísí digiteacha, modúil uas-scilithe agus athoiliúna le haghaidh scileanna don aistriú glas.

[14] Meastar go gcuirfidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta rannchuidiú crapthach 0.3 pointe céatadáin OTI ar fáil, rud a léiríonn an bhunéifeacht ó 2022 nuair a fuarthas cúlchistí móra gáis.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú beag ar an easnamh rialtais ghinearálta go 4,2 % de OTI in 2024. Léiríonn an laghdú in 2024 den chuid is mó laghdú ar chaiteachas mar sciar de OTI. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú go 23,6 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Mar sin féin, mar a luaitear sa Chlár, níl na bearta comhdhlúthaithe fhioscaigh atá beartaithe ag an rialtas nua a chuaigh i mbun oifige an 17 Aibreán 2023 san áireamh sna réamh-mheastacháin sin go fóill, toisc nach sonraítear na bearta go fóill i ngníomhartha dlíthiúla. Tá sé beartaithe ag an rialtas nua an cháin bhreisluacha, cánacha comhshaoil, dleachtanna máil ar alcól agus tobac a ardú agus cáin ghluaisteáin a thionscnamh. Ar thaobh an chaiteachais, tá sé beartaithe ag an rialtas sochair leanaí áirithe a ghearradh. Ar an iomlán, measann Clár Cobhsaíochta 2023 go gcuirfeadh na bearta sin feabhas 1,3 % ar chomhardú an bhuiséid in 2024. Bunaithe ar bhearta beartais ar a bhfuil eolas mionsonraithe go leor ag scoithdháta na réamhaisnéise (i.e. gan na bearta comhdhlúthaithe fhioscaigh atá beartaithe ag an rialtas nua), tuartar easnamh rialtais le haghaidh 2024 de 2.7 % de OTI i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar an mbonn easnaimh níos ísle atá tuartha do 2023 agus ionchas OTI agus ioncaim cánach níos fabhraí do 2024 i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachais rialtais-OTI níos ísle de 21.3 % ann ag deireadh 2024.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh ar fad in 2024. Glacann an Coimisiún leis freisin go gcuirfear deireadh de réir a chéile agus go hiomlán le bearta tacaíochta fuinnimh in 2024. Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) Éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 go gcuirfí feabhas bliantúil ar chomhardú struchtúrach an bhuiséid i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh le 0.5 % de OTI mar thagarmharc[15]. Agus aird á tabhairt ar bhreithnithe inbhuanaitheachta fioscaí agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, bheadh sé iomchuí feabhas de 0.3 % de OTI ar a laghad le haghaidh 2024 a chur ar an gcomhardú struchtúrach de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[16] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 4.9 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. Cuideoidh sé sin freisin leis an gcroí-bhoilsciú a laghdú, rud atá i bhfad os cionn mheán an limistéir euro, agus a bhféadfadh caillteanais iomaíochais a bheith mar thoradh air dá mairfeadh sé. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a measann an Coimisiún faoi láthair gur 0.3 % de OTI in 2023 iad), má cheadaítear sin leis na forbairtí sa mhargadh fuinnimh agus ag tosú ó na bearta is lú ar díríodh orthu, agus ba cheart na coigiltis ghaolmhara a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Mar sin féin, de réir réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, níl an fás ar ghlanchaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Dá ndeimhneofaí sin, bheadh fás níos ísle i nglanchaiteachas príomhúil in 2024 iomchuí.

(25) Má ghlactar leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, tá sé measta ag réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go méadóidh glanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta ag 4.5 % in 2024, rud atá faoi bhun an ráta atá molta.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go bhfanfaidh infheistíocht rialtais ag 5.3 % de OTI in 2024 i gcomparáid le meán 5.3 % de OTI in 2018-2023. Maidir le foinsí maoiniúcháin, tuartar go dtiocfaidh meath ar infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta agus go dtiocfaidh méadú ar infheistíocht arna maoiniú ag an Aontas, is é sin tríd an tSaoráid.

---

**15** Le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ceanglaítear freisin coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

**16** Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2027. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar gurb ionann an t-easnamh rialtais ghinearálta agus 4.0 % de OTI in 2025, 4.5 % ag 2026 agus 4.2 % faoi 2027. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go dtitfidh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI arís thar thréimhse an Chláir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 23.6 % ag deireadh 2024 go 33 % faoi dheireadh 2027. Mar sin féin, mar a luaitear thuas, níl na bearta comhdhlúthaithe fhioscaigh atá beartaithe ag an rialtas nua san áireamh sna réamh-mheastacháin sin go fóill.

(28) Thíolaic an Eastóin athbhreithniú ar a plean téarnaimh agus athléimneachta in éineacht le caibidil REPowerEU an 9 Márta 2023. An 12 Bealtaine 2023, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach agus tá sé faoi réir fhormheas na Comhairle. Mar gheall ar bhoilsciú ard agus cur isteach ar shlabhraí soláthair mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, cuireadh moill ar roinnt infheistíochtaí nó cuireadh deireadh leo, rud a d'fhág go ndearnadh athbhreithniú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh. Is í an Eastóin an chéad Bhallstát a chuir caibidil REPowerEU san athbhreithniú ar an bplean agus tá sé ar intinn aici an chéad iarraidh ar íocaíocht agus an dara hiarraidh ar íocaíocht a thíolacadh a luaithe a bheidh an plean athbhreithnithe formheasta ag an gComhairle.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Leis an gcaibidil nua REPowerEU sa phlean athléimneachta agus téarnaimh, beifear in ann athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na hEastóine i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(30) D’fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na hEastóine maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin san Eastóin.

(31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an Eastóin a bhaineann le leordhóthanacht an líontáin sábháilteachta sóisialta, go háirithe do dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine scothaosta, le cúram fadtéarmach agus cúram sláinte agus fuinneamh agus an t-aistriú glas.

(32) Tá feabhas tagtha ar leordhóthanacht an líontáin sábháilteachta sóisialta, ach tá baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta fós ard i measc roinnt grúpaí, go háirithe daoine scothaosta (41.6 % san Eastóin i gcoinne 19.5 % san Aontas in 2021) agus daoine faoi mhíchumas (40.4 % san Eastóin i gcoinne 28.9 % san Aontas in 2021). I gcás daoine scothaosta (65+), tá baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ard den chuid is mó mar gheall ar an meánphinsean a bheith íseal. Ina theannta sin, tá bearna inscne fós ann sa bhochtaineacht i measc daoine scothaosta (tá ráta riosca na bochtaineachta do mhná scothaosta 47.9 %, beagnach 21 phointe céatadáin níos airde ná mar a bhíonn i gcás na bhfear). Critéir shriantacha maidir le sochair dhífhostaíochta a fháil, go háirithe na tairseacha arda d’fhostaíocht agus d’ioncam roimh dhífhostaíocht, leanann siad de dhaoine dífhostaithe a chur i mbaol na bochtaineachta. Níl daoine a mbíonn tréimhsí gearra oibre acu agus atá i gcineálacha oibre neamhchaighdeánacha incháilithe do shochair dhífhostaíochta nuair a bhíonn siad dífhostaithe. In 2022, ní bhfuair ach 29 % de na daoine dífhostaithe nuachláraithe sochair árachais dífhostaíochta agus fuair 39 % an liúntas dífhostaíochta seasta. D’fhéadfaí an chosaint shóisialta a neartú dá leathnófaí cumhdach na sochar dífhostaíochta agus dá maolófaí na critéir íosta chun rochtain a fháil orthu, go háirithe dóibh siúd a mbíonn tréimhsí gearra oibre acu agus atá i gcineálacha oibre neamhchaighdeánacha, agus dá méadófaí leordhóthanacht na bpinsean.

(33) Tá céimeanna glactha ag an Eastóin chun inrochtaineacht agus inacmhainneacht an chúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú, ach tá dúshláin fós ann. Tá an caiteachas poiblí ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach íseal i gcomparáid le meán an Aontais, rud a chuireann bac ar rochtain thráthúil chomhionann ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach. Níl aon chabhair ag sciar ard den daonra atá 65 bliana d'aois agus os a chionn sin agus a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu le cúram pearsanta ná le gníomhaíochtaí teaghlaigh. Tá an gá atá le seirbhísí cúraim baile ar cheann de na cinn is airde san Aontas Eorpach. Ina theannta sin, agus an daonra ag dul in aois agus go bhfuil an t-ionchas saoil san Eastóin ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, tá ráta ard ann maidir le gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, cé gur thit sé i gcomparáid leis na blianta roimhe sin (13 % in 2020 agus 8.1 % in 2021, i gcomparáid le meán AE de 2 %). Tá an ráta ard sin nasctha go háirithe le liostaí feithimh agus le ganntanas agus dáileadh míchothrom oibrithe sláinte sa tír. Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha, tá siad ard ó thaobh cúram sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh de agus i bhfad os cionn mheán an Aontais.
Dá n-áiritheofaí maoiniú inbhuanaithe do chúram sláinte agus do chúram fadtéarmach, d'fhéadfaí cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sna réimsí sin.

(34) Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, d’éirigh leis an Eastóin allmhairí gáis ón Rúis a thréigean trí allmhairí fuinnimh a atreorú tríd an gcríochfort gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) in Klaipėda, sa Liotuáin agus tríd an gcríochfort GNL in Inkoo na Fionlainne. Tháinig laghdú 36 % ar thomhaltas gáis nádúrtha na hEastóine sa tréimhse idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, thar an sprioc laghdaithe 15 %. D’fhéadfadh an Eastóin leanúint dá hiarrachtaí an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[17]. Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an Eastóin maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite, tá sciar na scealla ola ina meascán fuinnimh fós suntasach. Tháinig méadú ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh ó 30.1 % in 2020 go 37.6 % in 2021. B’ionann sciar na scealla ola agus 58 % den mheascán fuinnimh in 2021, laghdú 5 phointe céatadáin ó 2018 i leith, ach méadú 2 phointe céatadáin ó 2020. I gcaibidil REPowerEU den phlean téarnaimh agus athléimneachta a athbhreithníodh le déanaí, tá gealltanas tugtha ag an Eastóin maidir le athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas ceadanna agus feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta na n-údarás áitiúil ceadúnúcháin. Leis na hathchóirithe sin táthar ag súil go mbeifear in ann tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo úsáid an fhuinnimh in-athnuaite. Tá acmhainneacht neamhleor eangaí chun freastal ar níos mó foinsí in-athnuaite fuinnimh fós ag cur bac ar thuilleadh dul chun cinn. Ní mór don Eastóin freisin leanúint dá hiarrachtaí a líonra leictreachais a shioncrónú le líonra leictreachais na coda eile den Aontas chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar eangach cumhachta BRELL (an Bhealarúis, an Rúis, an Eastóin, an Liotuáin agus an Laitvia). Tá dul chun cinn á dhéanamh, ach ní mór an t-aistriú a thabhairt chun críche fós. Chuige sin, tá gá le comhar leis an Laitvia agus leis an Liotuáin. Tá éifeachtúlacht fuinnimh ríthábhachtach le haghaidh aistriú glas na hEastóine. Chun éifeachtúlacht fuinnimh an gheilleagair a mhéadú, lena n-áirítear an stoc foirgneamh, beidh gá le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh níos uaillmhianaí agus le méadú ar acmhainneacht athchóirithe na mbardas beag trí bhearta tacaíochta a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr. Dhírigh an Eastóin ar inbhuanaitheacht a hearnála iompair a mhéadú trí Phlean Forbartha Iompair agus Soghluaisteachta 2021-2035 a ghlacadh, ach ba cheart bearta níos iomchuí a dhéanamh chun dlús a chur leis an aistriú chuig earnáil iompair nach bhfuil chomh truaillitheach céanna.

---

17 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

Cé go n-infheistíonn an Eastóin i leictriú an ghréasáin iarnróid, níl measúnú déanta ar a chur chun feidhme go fóill. Ní mór aistriú chuig iompar inbhuanaithe freisin i réimse na bhfeithiclí príobháideacha, áit a bhfuil gá le húsáid níos leithne a bhaint as feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Dreasachtaí ábhartha mar shampla cánacha comhshaoil, lena n-áirítear cáin bhliantúil ar fheithiclí bóthair atá bunaithe ar astaíochtaí, d'fhéadfadh siad sin cabhrú chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo roghanna iompair nach bhfuil chomh truaillitheach céanna.

(35) Tá ganntanas lucht saothair agus scileanna ann in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach maidir leis an aistriú glas, lena n-áirítear monarú, imscaradh agus cothabháil teicneolaíochtaí aeráidneodracha, rud a fhágann go bhfuil scrogaill ann i dtaca leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. In 2022, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair san Eastóin le haghaidh 68 ngairm bheatha a éilíonn scileanna sonracha nó eolas sonrach don aistriú glas, lena n-áirítear sórtálaithe bruscair, teicneoirí innealtóireachta sibhialta agus innealtóirí sibhialta. Ina theannta sin, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair mar thoisc a chuireann teorainn le táirgeadh i dtionscal agus i dtógáil.

(36) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[18] i moladh (1).

[18] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(37) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna ar éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí cost-éifeachtúil, sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht macrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na hEastóine, rannchuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an tríú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro,

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Eastóin gníomhaíocht in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 4.9 %[19] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, ba cheart leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach stuama mheántéarmach a bhaint amach.

2. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme leanúnach a phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Leanúint de chláir beartais comhtháthaithe a chur chun feidhme go pras, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirge leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Cosaint shóisialta a neartú trí chumhdach sochar dífhostaíochta a leathnú, go háirithe dóibh siúd a mbíonn tréimhsí gearr oibre acu agus i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre, chun aghaidh a thabhairt, i measc nithe eile, ar bhochtaineacht seanaoise. Rochtain ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach a fheabhsú agus inacmhainneacht an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú, go háirithe trína gcistiú inbhuanaithe a áirithiú.

---

[19] A mheastar a chomhfhreagraíonn d'fheabhas bliantúil de 0.3 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí acmhainneacht na heangaí leictreachais náisiúnta a neartú. Acmhainneacht leordhóthanach idirnaisc leictreachais a áirithiú chun cinnteacht an tsoláthair a mhéadú agus leanúint den sioncrónú le heangach leictreachais an Aontais. Éifeachtúlacht fuinnimh a neartú trí bhearta nua maoinithe agus tacaíochta chun spriocanna na straitéise athchóirithe fadtéarmaí a bhaint amach. Leanúint de na hiarrachtaí chun sciar an iompair inbhuanaithe a mhéadú tríd an ngréasán iarnróid a leictriú agus trí chánachas lena ndreasaítear an stoc feithiclí a athnuachan de réir a chéile i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha nó ísle. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna na hinniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*